

NA CIOBÚNAIGH

Bhí na Cíobúnaigh ina muilleoirí agus ina siúinéirí chomh maith le chéile. Ar an gCoill Bheag a bhíodar, dhá mhíle siar-dtuaidh ón Fháirche. Bhí muilean tógtha aca ar bhruch na habhann agus an abhainn dá oibriú. Muileann túicneála a'reamhrú bréidín a bhí aca ar dtús. Chuir siad muileann sáimhéarachta suas. Nuair a bhí an muileann sáimhéarachta tógtha ag an gCíobúnach chuir sé beirt dá chlann go Meireacá ag dearcú ar oibreacha. Níl aon cheo dá bhfaca siad déanta in aon mhuileann ná aon obair a chonnaic siad déanta i ndiaidh siúinéara nach dtugadar leof ina gceann a' tigheacht dóf. Níor oibrigh siad aon phunt ó dimthigheadar nó go dtáinigedar ach a' dearcú ar na hoibreacha. Nuair a tháinig said abhaile dheiseadar suas an muileann sáimhéaracha go raibh siad i ndon chuile shórt obair a dhéanamh dá bhféadfadh fear a dhéanamh, bhí siad i ndon a dhéanta.

Bhí siad i ndon an carr agus an cairt a dhéanamh, an túirne, an fhearsaid, i ndon chuile shórt trosgán a dhéanamh. Níor chaith siad aon lá a' foghlaim ceirde ariamh ach an méad a d'fhoghlaim siad ar a gcomlán féin agus ó n-a n-athair. Rinne siad teach comhnaidhe treasna ar an abhainn a bhí ag oibriú an mhuilinn. Tá an teach sin ann fós. Bhí muileann meilteacháin aca chomh maith agus d'oibrighidís na trí mhuileann le aon rotha amháin.

Chuala an tighearna a bhí ortha cainnt ar an muileann agus tháinig sé a' dearcú air. Thóg sé an oiread de spéis dó agus gur thairig sé míle punt dófa ar an muileann. Ní thiubhradh siad dó é. Ní go leor talmhan a bhí aca ach mar sin féin d'arduigh sé cíós an mhuilinn agus na talmhan nuair nach dtiubhradh sé an muileann dó.

Bhí ceathrar nó cúigear mac san am sin agus an t-athair. Bhásuigheadar uile go léireach ach beirt. Bhí stócach ar an mbaile d'fhear páidhe ag obair leofa ag cur suas an mhuilinn agus ag oibriú an mhuilinn. D'imthigh sé go Meireacá nuair a bhí sé suas ina fhear. D'imthigh inghean le Cíobún go Meireacá. I gceann bliana phós sé seo agu singhean an Chíobúnaigh. Ní raibh aon duine den bheirt sa mbaile i ndon cuid den mhuileann a oibriú. Chuireadar fios ar an bhfear óg so agus ar a ndreithiúr gur thugadar abhaile iad. Thugadar an áit dóf. Sé atá ag oibriú an mhuilinn anois.

Níor chuir an sean-Chíobúnach aon airgead sa mbanc ariamh. Tholladh sé uaifis isteach i sail adhmuid agus chuireadh sé an t-airgead isteach san uaifis. Dheasuigheadh sé béal na huaifise aríst agus ní raibh súil dá ghrinne a bhí i ndon a fhághail cé's moite daofa féin.